Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14242/23**

**LIMITE**

**SPORT 37**
**GENDER 190**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le mná agus comhionannas i réimse an spóirt<br>- *Formheas* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na dréachtchonclúidí maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'ullmhaigh an Mheitheal um an Spórt iad. Tá na toscaireachtaí uile ar aon fhocal anois maidir lena bhfuil sa téacs.

Iarrtar dá réir sin ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar ar tháinig na toscaireachtaí maidir leis an téacs atá i gceangal a dhearbhú agus a chur ar aghaidh chuig Comhairle (EYCS) an 23-24 Samhain 2023 lena fhormheas agus lena fhoilsiú ina dhiaidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréachtchonclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le mná agus comhionannas i réimse an spóirt

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS

AGUS É Á MHEABHRÚ ACU:

1. Mar a luaitear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe 'Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir', agus mar a luaitear in Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), is é is aidhm don Aontas Eorpach ina ghníomhaíochtaí uile 'neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh' agus, mar a luaitear in Airteagal 19 CFAE, 'gníomhaíocht iomchuí a ghlacadh chun idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach'.

2. Sonraítear in Airteagal 21(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go, '[d]toirmiscfear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras, mar shampla, gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, nó treoshuíomh gnéasach'. Anuas air sin, sonraítear in Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, nach 'mór an comhionannas idir mná agus fir a áirithiú i ngach réimse'.

3. Sna conclúidí ón gComhairle maidir le comhionannas inscne sa spórt,[1] iarrtar ar na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis an ngluaiseacht spóirt, comhaontuithe nó straitéisí ginearálta a fhorbairt maidir le comhionannas inscne sa spórt[2].

---

[1] Conclúidí ón gComhairle an 21 Bealtaine 2014 maidir leis an gcomhionannas inscne sa spórt, IO C 183, 14.6.2014, lch. 39.

[2] Sna conclúidí seo, tuigtear 'spórt' sa chiall is leithne, lena n-áirítear gníomhaíocht choirp.



PUBLIC

4. Aithnítear sa rún ón gComhairle maidir leis na príomhghnéithe de shamhail Eorpach spóirt go bhfuil eagrú an spóirt san Eoraip bunaithe ar luachanna, orthu siúd, an comhionannas inscne[3].

5. Baineann Cairt Eorpach Spóirt Athbhreithnithe Chomhairle na hEorpa[4] le geallsealbhóirí i gcosaint chearta an duine, agus cuireann sí comhionannas inscne chun cinn 'sa spórt agus tríd an spórt, go háirithe trí straitéis an phríomhshruthaithe inscne sa spórt a chur chun feidhme'.

6. Le moladh ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa do na Ballstáit maidir le príomhshruthú inscne sa spórt (CM/Rec(2015)2), formhuinítear cur chun cinn beartas lena ndírítear ar phríomhshruthú inscne a áirithiú i ngach réimse agus ar gach leibhéal den spórt.

7. Sa rún ón gComhairle maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt,[5] sainaithnítear an comhionannas inscne mar phríomhábhar sa réimse tosaíochta maidir le sláine agus luachanna sa spórt a chosaint.

8. In 2020, ghlac an Coimisiún Eorpach a Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025 i dtreo Aontas Eorpach um Chomhionannas a bhaint amach.

---

3 Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le príomhghnéithe na Samhla Eorpaí Spóirt, IO C 501, 13.12.2021, lch. 1.

4 Moladh CM/Rec(2021)5 maidir leis an gCairt Eorpach Spóirt Athbhreithnithe a ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an 13 Deireadh Fómhair 2021 ag an 1414ú cruinniú de chuid Ionadaithe na nAirí.

5 Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2024), IO C 419, 4.12.2020, lch. 1.



PUBLIC

9. Sna conclúidí ón gComhairle[6] maidir leis an ról atá ag an spórt mar fhoinse agus mar thiomántán don chuimsiú sóisialta gníomhach, aithnítear an comhionannas inscne mar cheann de na tosaíochtaí coiteanna ar gá breis tacaíochta a thabhairt dó ar fud an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear sa spórt, agus spreagtar comhionannas inscne sa spórt, go háirithe maidir le rochtain ar spórt agus le hionadaíocht i gcomhlachtaí cinnteoireachta agus lena n-áirítear bearta gníomhacha chun steiréitíopáil ar bhonn inscne a chomhrac.

10. Aithnítear sna conclúidí ón gComhairle maidir le luachanna coiteanna an Aontais a chur chun cinn tríd an spórt[7], ós rud é gur teanga uilíoch é an spórt, gur féidir leis rannchuidiú leis an éadulaingt agus an t-eisiamh sóisialta, lena n-áirítear steiréitíopáil ar bhonn inscne agus fuath ban, ciníochas, seineafóibe agus imeallú a chosc.

11. Sna conclúidí ón gComhairle maidir le nuálaíocht sa spórt,[8] aithnítear gur féidir le modhanna nuálacha teicneolaíocha agus digiteacha cumarsáide agus craoltóireachta, chomh maith leis an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta, cabhrú le heagraíochtaí spóirt feasacht a mhúscailt maidir le steiréitíopáil ar bhonn inscne, fuath ban, homafóibe, ciapadh, mí-úsáid agus foréigean, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus aon chineál idirdhealaithe, i measc nithe eile agus cosc a chur leo.

12. Chuir Grúpa Ardleibhéil 2022 um Chomhionannas Inscne sa Spórt[9] plean gníomhaíochta agus moltaí ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach, na Ballstáit, comhlachtaí spóirt náisiúnta agus idirnáisiúnta agus eagraíochtaí an phobail chun feabhas a chur ar chothromaíocht inscne sa spórt; sé phríomhréimse théamacha rannpháirtíochta a chuir an grúpa chun suntais (rannpháirtíocht; cóitseáil agus feighlíocht; ceannaireacht; gnéithe sóisialta agus eacnamaíocha an spóirt; clúdach na meán; agus foréigean inscnebhunaithe).

---

[6] Conclúidí ón gComhairle an 18 Samhain 2010 maidir leis an ról atá ag an spórt mar fhoinse agus mar thiomántán don chuimsiú sóisialta gníomhach, IO C 326, 3.12. 2010, lch. 5.

[7] Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le luachanna coiteanna an Aontais a chur chun cinn tríd an spórt, IO C 196, 8.6.2018, lch. 23.

[8] Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an Nuálaíocht i gCúrsaí Spóirt IO C 212, 4.6.2021, lgh. 2-9.

[9] European Commission, *Towards more gender equality in sport, Recommendations and action plan from the High-Level Group on Gender Equality in Sport, 2022* [An CoimisiúnEorpach, I dtreo níos mó comhionnanais inscne sa spórt: Moltaí agus plean gníomhaíochta ón nGrúpa Ardleibhéil um Chomhionannas Inscne sa Spórt, (2022)].



PUBLIC

AGUS É Á ADMHÁIL ACU:

13. D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus na staideanna éagsúla sna Ballstáit á gcur san áireamh, tá rannpháirtíocht na mban sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp níos ísle go fóill ná mar atá dála na bhfear[10] mar gheall ar bhacainní praiticiúla, pearsanta, soch-chultúrtha agus struchtúracha, rud a imríonn tionchar diúltach ar leibhéal a rannpháirtíochta i bpoist chóitseála, feighlíochta agus cheannaireachta.

14. Tá bacainní fós roimh mhná i margadh saothair an spóirt i dtéarmaí, mar shampla, rochtain chomhionann, pá comhionann ar obair chomhionann, ionadaíocht i bpoist chinnteoireachta, steiréitíopaí inscne agus tuiscint chomhionann agus aitheantas ar a gcuid oibre.

15. Tá difríochtaí suntasacha ann idir spóirt éagsúla agus idir na Ballstáit, agus tá an claonadh ann go mbuanaítear an t-idirdhealú agus neamhionannais[11] áit nach mbíonn an rochtain, an bhaint, ná an rannpháirtíocht chomhionann ag mná i bpoist cheannaireachta agus chinnteoireachta, ná an infheictheacht i réimse an spóirt.

16. Is údar mór imní in earnáil an spóirt go fóill iad an mhí-úsáid, gnéaschiapadh agus an foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní – lena n-áirítear an spás digiteach – mar aon le steiréitíopáil ar bhonn inscne agus gnéasachas.

17. D'fhéadfadh idirdhealú ar bhonn inscne a bheith ina chúis le heisiamh, go háirithe i gcás na mban nó iad siúd atá i bpoist leochaileacha agus imeallaithe, ó pháirt a ghlacadh sa spórt.

18. Tá sé de nós i gclúdach na meán ar an spórt díriú ar fhir sa spórt agus mná sa spórt de ghnáth in áit na leathphingine sna meáin nó ar líne seachas na fir. Is minic a bhíonn an tslí a chaitheann iriseoirí le mná sa spórt bunaithe ar steiréitíopáil ar bhonn inscne nó go mbíonn sé gnéasaithe agus gnéasaíoch.

19. Is tábhachtach an poitéinseal atá ag an spórt chun an comhionannas a chur chun cinn trí fhéinchumhachtú, múscailt feasachta agus steiréitíopaí inscne atá ann faoi láthair a chomhrac trí rannpháirtíocht ghníomhach.

---

**10** De réir an 5ú Eorabharaiméadar maidir le spórt agus gníomhaíocht choirp a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2022.

**11** Léiríonn sonraí ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) nach bean ach thart ar dhuine amháin as gach cúigear ball den chomhlacht cinnteoireachta is airde d'eagraíochtaí spóirt.



PUBLIC

AGUS É Á THABHAIRT DÁ nAIRE ACU:

20. Braitheann an muintearas Eorpach agus rathúnas na hEorpa amach anseo ar shochaithe a dhéanann idirdhealú bunaithe ar inscne a chosc agus a chomhrac go gníomhach.

21. Tá ról tábhachtach ag an spórt i saol dhaonra an Aontais agus déanann gníomhaíocht spóirt rannchuidiú sóisialta, oideachasúil, eacnamaíoch, cultúrtha agus aontaitheach don tsochaí san Aontas Eorpach, chomh maith lena cuspóirí straitéiseacha agus a luachanna sóisialta.

22. Cé go bhfuil na buntáistí a bhaineann le rochtain an duine ar an spórt agus le rannpháirtíocht an duine sa spórt seanbhunaithe, mar shampla iad siúd a bhaineann le forbairt phearsanta, braistint féiniúlachta agus muintearais, féin-éifeachtúlacht, féinmhuinín, agus dea-bhail choirp agus mheabhrach, chun iad a bhaint amach ina n-iomláine, tá sé ríthábhachtach go mbeidh rochtain ag rannpháirtithe ar chothrom iomaíochta atá sábháilte, cuimsitheach agus cothrom, saor ó aon chineál neamhionannais, idirdhealaithe nó foréigin.

23. D'fhéadfadh infheictheacht mhéadaithe agus clúdach feabhsaithe sna meáin ar chomórtais spóirt na mban tionchar a imirt ar dhearcadh an phobail ar an luach a bhaineann le spórt na mban agus ar an tábhacht a bhaineann leis sa tsochaí.

24. Ba cheart infheistíocht phoiblí sa spórt a dháileadh go cothrom idir mná agus fir, rud a chuirfeadh leis na neamhionannais atá ann cheana a chur ina gceart agus a thacódh le spórt níos cothroime a fhorbairt.

AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU AR AN MÉID SEO A LEANAS:

25. Cumhdaítear gach beart beartais spóirt faoi raon feidhme na gconclúidí seo ón gComhairle.

26. Is cuspóir beartais spóirt ar leibhéal an Aontais é an comhionannas inscne, mar a formhuiníodh sa Phlean Oibre don Spórt (2021-2024).

27. Le bearta lena dtacaítear le comhionannas inscne agus lena gcuirtear chun cinn é, neartaítear comhlíonadh na ngealltanas idirnáisiúnta dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT DO RÓL AGUS NEAMHSPLEÁCHAS NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

28. Díriú ar a áirithiú go mbeidh rochtain chomhionann ag gach duine ar an spórt ar gach leibhéal agus ar gach feidhm agus go mbeidh siad in ann páirt iomlán a ghlacadh iontu gan idirdhealú ar bhonn inscne.

29. Comhionannas inscne a neartú agus a phríomhshruthú sa bheartas spóirt agus eiseamláirí dearfacha a chur chun cinn trí bheartas spóirt agus beartais ghaolmhara eile.

30. Rannpháirtíocht chomhionann ban agus fear sna spóirt ghairmiúla a mholadh trí théarmaí agus coinníollacha oibre a fheabhsú, pá comhionann ar obair chomhionann nó ar obair ar comhionann a luach a chur chun cinn agus bearta a thacaíonn leis an gcothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn.

31. Earnáil an spóirt a spreagadh agus a dhreasú chun cion na mban i bpoist cheannaireachta a mhéadú chomh maith le líon na foirne spóirt agus na n-oifigeach spóirt.

32. Gan dochar don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, comhionannas inscne a chur chun cinn trí iarraidh ar na meáin, go háirithe meáin na seirbhíse poiblí, feabhas a chur ar infheictheacht agus ar chlúdach na meán i gcomórtais spóirt na mban, ag féachaint d'úsáid a bhaint as an saincheart a thugtar le hAirteagal 14 de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc maidir le himeachtaí a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo don tsochaí.[12]

33. Earnáil an spóirt a spreagadh agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt di chun ciapadh, fuathchaint ghnéasaíoch, mí-úsáid ghnéasach agus foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc agus a chomhrac, go háirithe daoine i bpoist leochaileacha agus imeallaithe, agus mionaoisigh ar gach leibhéal.

34. Feabhas a chur ar chosaint finnéithe, sceithirí agus íospartaigh an fhoréigin ghnéis agus inscnebhunaithe.

35. Féachaint le taighde agus staidéir a chur chun cinn ar chomhionannas inscne i réimse an spóirt, ar staidreamh maidir leis an gcomhionannas inscne agus ar anailís air, mar aon le sonraí trasnacha agus imdhealaithe maidir le fir agus mná i réimse an spóirt, lena n-áirítear éifeachtaí steiréitíopaí ar bhonn inscne, a thiomsú.

36. Féachaint an bhféadfaí deonú cistí poiblí a chur faoi réir chomhlíonadh na gceart bunúsach agus phrionsabail an dea-rialachais, lena n-áirítear comhionannas inscne.

37. Gné an chomhionannais inscne agus riachtanais shonracha na mban agus na gcailíní a chur san áireamh sa phróiseas chun bonneagar spóirt a thógáil agus a athchóiriú.

[12] Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc), IO L 95, 15.4.2010, lch. 1.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AGUS FAOI RÉIM A RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

38. Malartú rialta dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le bearta chun comhionannas inscne a chur chun cinn i réimse an spóirt, e.g., trí rannpháirtíocht i dtionscadal comhpháirteach AE-Comhairle na hEorpa 'All In Plus'.

39. Malartú dea-chleachtas agus treoirlínte a chothú maidir leis an gcaoi a bhféadfadh institiúidí spóirt struchtúir agus bearta eagraíochtúla a fhorbairt chun gach cineál mí-úsáide a chosc agus béim ar leith á leagan ar fhoréigean inscnebhunaithe.

40. Malartú faisnéise a spreagadh maidir leis na tionscnaimh agus na cleachtais uile lena bhféadfaí rannchuidiú le rannpháirtíocht na mban in earnáil an spóirt i gcoitinne a mhéadú agus le hidirdhealú inscnebhunaithe agus steiréitíopaí inscne a chomhrac.

41. Comhar gníomhach idir comhpháirtithe sóisialta ábhartha a chur chun cinn faoi chuimsiú an idirphlé shóisialta agus leis an ngluaiseacht spóirt faoi chuimsiú an idirphlé struchtúrtha, bunaithe ar chur chuige bunaithe ar chearta an duine agus inscne-íogair il-leibhéil, ilghníomhaí agus ildisciplíneach.

PUBLIC

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN AM MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

42. Féachaint an bhféadfaí earnáil an spóirt a áireamh i straitéisí ionchasacha don chomhionannas inscne, agus inniúlachtaí náisiúnta na mBallstát á n-urramú ag an am céanna.

43. Tuarascáil rialta a thabhairt don Chomhairle maidir le gníomhaíochtaí a dhéantar i ndáil le cur chun cinn comhionannais inscne atá ábhartha d'earnáil an spóirt.

44. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh thrasnáisiúnta maidir le comhionannas inscne i réimse an spóirt, mar shampla múscailt feasachta, feachtais oideachais, malartú dea-chleachtas, staidéir, líonraí agus tionscadail, cosúil leis an tionscadal comhpháirteach AE-Comhairle na hEorpa 'All In Plus'.[13]

45. Taighde a chothú maidir le ról earnáil an spóirt agus an tionscail ó thaobh luachanna, dearcthaí, riachtanais agus leasanna na mban agus na bhfear a mhúnlú, agus gnéithe mar shampla an rochtain chomhionann, infheictheacht agus rannpháirtíocht i réimse an spóirt á n-anailísiú.

46. Gné an chomhionannais inscne a chur san áireamh sa mheasúnú ar na coinníollacha is gá chun imeachtaí spóirt a cháiliú mar imeachtaí a bhfuil tábhacht mhór leo don tsochaí faoi Airteagal 14 de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc.

[13] Comhairle na hEorpa, All In Plus: Comhionannas inscne níos fearr a chur chun cinn sa spórt, Márta 2023.



PUBLIC

IARRTAR AR AN nGLUAISEACHT SPÓIRT AGUS AR GHEALLSEALBHÓIRÍ ÁBHARTHA EILE AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

47. An comhionannas inscne a bheith ina bhunchloch de dhea-rialachas na n-eagraíochtaí spóirt, e.g. trí chóras cistiúcháin comhionann agus trédhearcach, comhdheiseanna cistiúcháin agus pá comhionann a chur chun cinn. Chomh maith leis an éagsúlacht a chur chun cinn ar gach leibhéal, ba cheart anailís a dhéanamh ar na gnéithe ábhartha uile agus béim ar leith á leagan ar an trasnaíocht agus ar an idirdhealú struchtúrach agus institiúideach.

48. Tionscnaimh a chur chun cinn a spreagfaidh forbairt, scaipeadh agus fothú acmhainneachta i ndáil le huirlisí chun comhionannas inscne a phríomhshruthú mar cholún den dea-rialachas sa spórt, mar shampla buiséadú ar bhonn inscne, measúnuithe tionchair inscne, oiliúint comhionannais inscne, agus meastóireacht inscne-fhreagrúil.

49. Comhionannas inscne a phríomhshruthú i ngach straitéis, beartas agus gníomhaíocht spóirt, mar shampla, trí straitéis inmheánach a chur i bhfeidhm le comhordaitheoir le haghaidh comhionannas inscne, buiséadú ar bhonn inscne, chomh maith le comhionannas inscne a chothú i ngach nós imeachta agus in oiliúint fostaithe agus saorálaithe.

50. Na céimeanna is gá a thabhairt chun cion na mban i bpoist cheannaireachta, chóitseála agus a bhíonn i bhfeighil in eagraíochtaí, in institiúidí agus i gclubanna spóirt a mhéadú, go háirithe trí mhná a spreagadh agus tacú leo chun na poist sin a ghlacadh.

51. Spriocanna rannpháirtíochta atá comhionann ó thaobh inscne de a leagan síos in oiliúint foirne agus oifigeach spóirt, mar shampla trí thacú le clár meantóireachta do chailíní óga agus do mhná a bhfuil suim acu i gcóitseáil agus i réiteoireacht.

PUBLIC

52. Cláir oideachais agus choisc maidir le comhionannas inscne a fhorbairt agus a chur ar fáil mar aon le ciapadh, fuathchaint, gach cineál mí-úsáide agus foréigin inscnebhunaithe a chomhrac, lena gcruthaítear sásraí cumarsáide chun éisteacht le híospartaigh an fhoréigin inscne, agus cosaint níos fearr a chur ar fáil d'íospartaigh, do sceithirí agus d'fhinnéithe.

53. Féachaint le mná agus cailíní ó chúlraí socheacnamaíocha éagsúla a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa spórt.

54. Dea-chleachtais maidir le comhionannas inscne sa spórt a bhailiú, a scaipeadh agus béim a leagan orthu, agus malartuithe taithí a chur chun cinn agus a éascú ag an am céanna.

55. Cumhdach atá cothrom ó thaobh inscne de a áirithiú sa chumarsáid inmheánach agus sheachtrach, lena n-áirítear iad siúd atá ar na líonraí sóisialta agus an tuairisciú, tráchtaireacht agus cumhdach neamh-idirdhealaitheach i ngníomhaíochtaí spóirt a áirithiú.

56. A áirithiú go mbeidh rochtain ag mná agus cailíní atá rannpháirteach sa spórt ar threalamh agus éadaí iomchuí chun a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach go sábháilte.

57. Inrochtaineacht chothrom ar bhonneagar spóirt a áirithiú bunaithe ar riachtanais agus ar cheanglais gach duine aonair agus saoráidí leordhóthanacha sábháilte a chruthú do mhná agus do chailíní.



PUBLIC

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

DOICIMÉID ÁBHARTHA BEARTAIS:

- Conradh Liospóin ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, IO C 306, 17.12. 2007, lch. 1.
- Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (2012/C 326/02).
- Conclúidí ón gComhairle maidir le bonneagar inbhuanaithe inrochtana spóirt, IO C 494, 28.12.2022, lch. 1.
- Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le príomhghnéithe na Samhla Spóirt Eorpaí IO C 501, 13.12.2021, lch. 1.
- Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (an 1 Eanáir 2021 – an 30 Meitheamh 2024), IO C 419, 4.12.2020, lch. 1.
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhionannas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach Chun Cinn (14938/19).
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a dhúnadh: Príomhbheartais agus bearta (10349/19).
- Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le luachanna coiteanna an Aontais a chur chun cinn tríd an spórt, IO C 196, 8.6.2018, lch. 23.

PUBLIC

- *Council Conclusions of 21 May 2014 on Gender Equality in Sport* [Conclúidí ón gComhairle an 21 Bealtaine 2014 maidir leis an gComhionannas Inscne sa Spórt] IO C 183, 14.6.2014.

- *Council conclusions of 18 November 2010 on the role of sport as a source of and a driver for active social inclusion* [Conclúidí ón gComhairle an 18 Samhain 2010 maidir leis an ról atá ag an spórt mar fhoinse agus mar thiomántán don chuimsiú sóisialta gníomhach], IO C 326, 3.12.2010, lch. 5.

- *European Commission, Towards more gender equality in sport: Recommendations and action plan from the High-Level Group on Gender Equality in sport (2022):* [An Coimisiún Eorpach, I dtreo níos mó comhionnanais inscne sa spórt: Moltaí agus plean gníomhaíochta ón nGrúpa Ardleibhéil maidir le Comhionannas Inscne sa spórt (2022)].

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: An Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025] COM/2020/152 final.

- Moladh ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir leis an ngnéasachas a chosc agus a chomhrac (2019).

- Moladh CM/Rec(2021)5 maidir le Cairt Athbhreithnithe Spóirt na hEorpa a ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an 13 Deireadh Fómhair 2021 ag an 1414ú cruinniú de chuid Ionadaithe na nAirí.

- Moladh CM/Rec(2015)2) maidir le príomhshruthú inscne sa spórt – a ghlac Coiste AiríChomhairle na hEorpa an 21 Eanáir 2015 ag an 1217ú cruinniú de chuid Ionadaithe na nAirí.

- Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le *EU sports policy: assessment and possible ways forward* [Beartas spóirt an Aontais: measúnú agus bealaí chun cinn a d’fhéadfadh a bheith ann], IO C 224, 8.6.2022, lch. 2.

- Tuarascáil ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne maidir le comhionannas inscne sa chumhacht agus sa chinnteoireacht, 2015.

- Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO), *Moving forward the 2030 Agenda for Sustainable Development* [Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun cinn], BSP-2017/WS/1, 2017.

- UNESCO, Séú Comhdháil Idirnáisiúnta na nAirí agus na nOifigeach Sinsearach atá freagrach as Corpoideachas agus Spórt (MINEPS VI), Plean Gníomhaíochta Kazan, an 15 Iúil 2017.

- UNESCO, MINEPS V, Dearbhú Bheirlín, an 30 Bealtaine 2013.

- Coiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha (CICO), Cuspóirí Comhionannais Inscne agus Cuimsithe 2021-2024, Tuarascáil 2021 maidir le Comhionannas Inscne agus Cuimsiú.

- CICO, Clár Oibre Oilimpeach 2020 + 5: 15 Mholadh.

PUBLIC